Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár na dToghthóirí

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**gov.ie/tithiocht**

1. Réamhrá ... 4

2. Coinníollacha maidir le Clárú ... 4

3. An Clár a choinneáil agus a nuashonrú ... 5

4. Clárú chun vóta a chaitheamh nó sonraí a nuashonrú ... 6

5. Socruithe vótála malartacha ... 7

**5.1** Liosta Postvótálaithe ... 8

**5.2** Liosta Vótálaithe Speisialta ... 9

6. Liosta na dToghthóirí atá ar feitheamh ... 10

7. Infhaighteacht agus úsáid Chlár na dToghthóirí ... 11

**7.1** Iniúchadh a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí ... 11

**7.2** Cóipeanna de Chlár na dToghthóirí ... 12

8. Toghthóirí gan ainm ... 12

9. Dlí Clárúcháin ... 13

10. Bileoga Eile ... 13

# 1. Réamhrá

Tá an nóta seo beartaithe mar threoir phraiticiúil. Ní léirmhíniú críochnaitheach dlíthiúil é maidir le dlí toghcháin. Chun tuilleadh eolais a fháil, ba cheart duit féachaint ar an dlí a bhaineann le clárú vótálaithe (féach roinn 9 thíos).

Le bheith in ann vótáil i dtoghchán nó i reifreann in Éirinn, ní mór ainm duine a thaifeadadh ar chlár na dtoghthóirí don cheantar ina bhfuil gnáthchónaí ar an toghthóir. Tá an próiseas clárúcháin toghcháin leagtha síos sna hAchtanna Toghcháin 1992 go 2022 agus leasaíodh é go suntasach leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.

Ceanglaítear le dlí ar údaráis chlárúcháin (comhairlí contae, cathrach agus cathrach agus contae) clár na dtoghthóirí a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach trí shonraí a chur leis, a bhaint nó a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun clár iomlán cruinn toghthóirí a chinntiú. Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin freisin an clár atá i bhfeidhm a fhoilsiú roimh aon imeacht toghchánach.

Leagtar síos sna hAchtanna Toghcháin freisin na forálacha maidir le rochtain ar an gclár toghthóirí agus maidir le húsáid an chláir sin. Ní féidir an clár a úsáid ach amháin chun críocha toghcháin agus chun críocha reachtúla eile.

# 2. Coinníollacha maidir le Clárú

Is iad seo a leanas na coinníollacha:

**Aois**: duine a bhfuil cónaí air nó uirthi agus a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici i dteideal a bheith cláraithe i gclár na dtoghthóirí. Rinne an tAcht um Athchóiriú Toghchánach, 2022 foráil do liosta toghthóirí ar feitheamh a cheadaíonn réamhchlárú do dhaoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois ach níl siad i dteideal vóta a chaitheamh go dtí go bhfuil siad 18 mbliana d'aois, cuirfear leis an gclár go huathoibríoch iad ag an bpointe sin.

**Saoránacht**: cé go bhfuil gach cónaitheoir fásta i dteideal a bheith cláraithe, ní mór don údarás clárúcháin náisiúntacht duine a bheith ar eolas aige toisc gur saoránacht a chinneann na himeachtaí toghcháin ag a bhféadfaidh duine vótáil.

Is mar seo a leanas atá an ceart vótála:

- Féadfaidh **saoránaigh Éireannacha** vótáil i ngach toghchán agus reifreann;
- Féadfaidh **saoránaigh Bhriotonacha** i dtoghcháin Dála agus áitiúla;
- Féadfaidh **saoránaigh AE** vótáil i dtoghcháin Eorpacha agus áitiúla;
- ní fhéadfaidh **gach duine eile** vótáil ach amháin i dtoghcháin áitiúla.

**Áit chónaithe**: caithfidh duine a bheith ina g(h)náthchónaí ag an seoladh baile i gceist ag am an iarratais chuig an údarás clárúcháin le bheith san áireamh ar an gclár. Ní fhéadfaidh duine a bheith cláraithe ach ag aon seoladh baile amháin.

- Má tá **níos mó ná seoladh baile amháin** ag duine (e.g. duine atá ina c(h)ónaí ar shiúl ón mbaile chun freastal ar an gcoláiste), ba cheart an t-údarás clárúcháin a chur ar an eolas maidir leis an seoladh baile a theastaíonn ón duine a bheith cláraithe aige.
- Mura bhfuil **aon seoladh baile** a dtiocfadh leo a bheith cláraithe leis, is féidir leo clárú le 'gan seoladh baile cinnte' - ligeann sé sin don duine seoladh baile a sholáthar inar féidir leo comhfhreagras a fháil, agus seoladh baile ina gcaitheann an duine an chuid is mó dá n-am agus ina dteastaíonn uathu clárú mar chónaitheoir.

Má fhágann duine an ghnátháit chónaithe atá aige/aici agus é i gceist acu filleadh air laistigh d'ocht mí dhéag, is féidir leo leanúint orthu de bheith cláraithe ansin, faoi réir an choinníll sháraithigh nach féidir le duine a bheith cláraithe ach ag aon seoladh baile amháin. Ba cheart duine atá as láthair go sealadach óna g(h)nátháit chónaithe, mar shampla agus iad ar saoire, san ospidéal nó i gcaitheamh fostaíochta, a chlárú ag an ngnátháit chónaithe. Níor cheart duine nó cuairteoir atá ag fanacht ag seoladh baile go sealadach a chlárú ansin.

## 3. An Clár a choinneáil agus a nuashonrú

Is faoi gach údarás clárúcháin atá sé an clár a chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú. Tá sé de dhualgas orthu, a mhéid is féidir, agus le comhoibriú agus le rannpháirtíocht an phobail, clár iomlán cruinn toghthóirí a chinntiú.

Féadfaidh na húdaráis chlárúcháin raon gníomhartha a dhéanamh chun an clár a bhainistiú - d'fhéadfadh go mbeadh na gníomhartha seo a leanas san áireamh:

fiosrúcháin baile-go-baile nó fiosrúcháin eile; cuireadh a thabhairt do dhaoine a gcuid sonraí a chlárú nó a nuashonrú agus a sheiceáil go bhfuil an clár cruinn agus iomlán.

Ní mór d'údaráis chlárúcháin tuairisc bhliantúil a thabhairt don Choimisiún Toghcháin — *An Coimisiún Toghcháin* maidir lena gcuid gníomhaíochtaí i ndáil leis seo.

Féadfaidh údarás clárúcháin a cheangal ar dhuine a sholáthar aon fhaisnéis a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh agus a bheidh ag teastáil ón údarás clárúcháin chun na críche seo. Maidir le clárú duine féin, féadfaidh an t-údarás clárúcháin a cheangal ar an duine a Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), Dáta Breithe agus Eircód a sholáthar. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin fianaise dhoiciméadach a iarraidh mar thaca le hincháilitheacht vótála, e.g. teastas breithe nó pas nó teastas eadóirsithe i gcás saoránachta.

Is féidir le duine a c(h)uid sonraí féin a sheiceáil agus a nuashonrú ar an gclár ag am ar bith den bhliain go díreach lena n-údarás clárúcháin nó ag www.checktheregister.ie. Is féidir é sin a dhéanamh den chuid is mó ach úsáid a bhaint as foirm ar líne, nó i gcásanna áirithe ní mór an fhoirm ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Sa chás go bhfuil duine ina chónaí nó ina cónaí i mBaile Átha Cliath agus go bhfuil MyGovID fíoraithe aige/aici, is féidir leo dul i dteagmháil lena n-údarás clárúcháin freisin trí www.voter.ie.

I gcás ina seiceálann duine an clár agus go dtagann sé nó sí ar an eolas faoi aon earráidí nó easnaimh sa chlár, ba cheart iad a chur ar an eolas láithreach don údarás clárúcháin ábhartha.

Is féidir le húdaráis chlárúcháin faisnéis a sholáthraíonn an tArd-Chláraitheoir, the General Registrar, a úsáid freisin maidir le básanna daoine i limistéar clárúcháin an údaráis chlárúcháin chun an clár a nuashonrú.

## 4. Clárú chun vóta a chaitheamh nó sonraí a nuashonrú

Is féidir le duine incháilithe, nach bhfuil liostaithe i gclár na dtoghthóirí, clárú go díreach leis an údarás clárúcháin ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ar líne ag www.checktheregister.ie. Baineann an rud céanna le duine cláraithe a bhfuil a

c(h)uid sonraí as dáta, is féidir leis nó léi a c(h)uid sonraí a thabhairt cothrom le dáta i gclár na dtoghthóirí ag am ar bith den bhliain, go díreach leis an údarás clárúcháin ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ar líne ag www.checktheregister.ie.

Ní mór iarratas ar shonraí a chlárú nó a nuashonrú sa chlár a bheith faighte 15 lá ar a laghad roimh lá na vótála, (gan Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) chun go mbreithneofar é don toghchán nó don reifreann sin. Tá dátaí deiridh difriúla ann d'iarratais phoist agus iarratais vótála speisialta - féach alt 5.1 agus 5.2 thíos. Ní bhreithneofar iarratas a fhaightear ar nó tar éis an 14ú lá roimh an lá vótaíochta go dtí tar éis lá na vótaíochta.

Sa chás nach féidir iarratas a chomhlánú ar líne, nó i gcás inar fearr le duine foirm pháipéir a chur isteach, is féidir na foirmeacha ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Déanfaidh an t-údarás clárúcháin iomchuí gach iarratas ar chlárú nó ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta a bhreithniú agus a chinneadh a luaithe is indéanta, agus i gcás ina ndiúltófar d’iarratas, cuirfear na cúiseanna atá leis sin in iúl don duine agus sonrófar aon chearta maidir le hachomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcláraitheoir contae.

Is féidir le toghthóir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinntí údarás clárúcháin chuig an gcláraitheoir contae. De ghnáth, ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta chinneadh an údaráis chlárúcháin, ach sa chás go bhfuil lá vótála socraithe, athraíonn sé seo. A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, ceanglaítear ar an gCláraitheoir Contae fógra poiblí a thabhairt i dtaobh na ndátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás postvótála nó vótála speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

## 5. Socruithe vótála malartacha

Go ginearálta, vótálann toghthóirí go pearsanta ina stáisiún vótaíochta áitiúil, i gcúinsí áirithe áfach, tá na socruithe vótála malartacha seo a leanas ar fáil.

## 5.1 Liosta Postvótálaithe

Ullmhaíonn agus coinníonn údaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí. Tá roinnt eolas, doiciméadacht nó deimhniúcháin bhreise ag teastáil in iarratais vóta poist - tá difear idir na riachtanais a bhraitheann ar an gcúis don iarratas agus leagtar amach san fhoirm iarratais ábhartha iad.

Maidir leis na daoine sna catagóirí seo a leanas **ní mór dóibh a bheith cláraithe** mar phostvótálaithe:

- baill lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann - féadfaidh baill a bhfuil cónaí air/uirthi sna beairicí míleata a bheith cláraithe sna beairicí nó ag a seoladh baile; agus
- taidhleoirí Éireannacha postaithe thar lear agus a gcéilithe/páirtithe sibhialta - cláraítear ag a seoladh baile in Éirinn iad.

**Féadfaidh** na catagóirí daoine seo a leanas iarratas ar chlárú mar phostvótálaí a dhéanamh:

- baill den Gharda Síochána (fórsa póilíneachta);
- daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus nach bhfuil in ann dul chuig ionad vótaíochta chun vóta a chaitheamh de dheasca breoiteachta nó míchumais;
- daoine ar dócha go gcoiscfidh a ngairmeacha iad ó vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil lá toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile agus atá ina gcónaí in áit eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát (faoin socrú seo, cuirtear páipéar ballóide chuig an toghthóir sa bhaile agus caithfidh seisean socrú a dhéanamh go ndéanfaidh Garda a dhearbhú céannachta a fhianú sula marcálfaidh sé an páipéar ballóide agus sula gcuirfear ar ais é leis an bpost chuig an gceann comhairimh.);
- toghthóirí nach féidir leo vóta a chaitheamh ag a n-ionad vótaíochta de dheasca imthosca bainteach lena dtréimhse choinneála i bpríosún de bhun ordú de chuid na cúirte;
- roinnt baill foirne an toghcháin fostaithe ag ionad vótaíochta lasmuigh den toghcheantar ina bhfuil cónaí orthu; agus

- I gcás go bhfuil duine buartha faoina s(h)ábháilteacht nó faoi shábháilteacht duine dá t(h)each dá bhfoilseofaí a (h)ainm agus a s(h)eoladh baile, féadfaidh iarratas a dhéanamh le bheith mar thoghthóir anaithnid - ní féidir na toghthóirí sin ach vóta a chaitheamh tríd an bpost.

Is féidir iarratas a dhéanamh le bheith ar liosta na bpostvótálaithe tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le haghaidh iontráil ar liosta na bpostvótálaithe, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar phostvótáil a fháil maidir le hócáid toghcháin ar leith ná -

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;
- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí poist, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

Ní fhéadfaidh toghthóir atá cláraithe mar phostvótálaí vóta chaitheamh ach leis an bpost amháin agus ní san ionad vótaíochta.

## 5.2 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn údaráis chlárúcháin liosta vótálaithe speisialta freisin ina bhfuil toghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu agus a chuireann cosc orthu dul chuig stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh agus atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúidí dá samhail ar mian leo vóta a chaitheamh sna háiteanna sin. I gcás an chéad iarratais, ní mór deimhniú ó liachleachtóir cláraithe (amhail dochtúir ginearálta) a bheith ag gabháil leis.

Is féidir iarratas a dhéanamh tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le bheith ar an liosta de vótálaithe speisialta, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta speisialta a fháil i leith ócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;
- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

Caitheann toghthóirí ar an liosta de vótálaithe speisialta vóta ag an ospidéal, teach altranais, san áis mheabhair-shláinte nó in institiúid den chineál céanna ina bhfuil cónaí orthu trí pháipéar ballóide a mharcáil arna tugadh chucu ag oifigeach ceannais in éineacht le Garda.

Leagann bileog ar leithligh sa tsraith seo eolas amach do vótálaithe le míchumas.

## 6. Liosta na dToghthóirí atá ar feitheamh

Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin liosta toghthóirí ar feitheamh a ullmhú agus a choinneáil chun daoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois a réamhchlárú. Is duine é an toghthóir ar feitheamh atá 16 bliana d'aois ach nach bhfuil 18 mbliana d'aois sroichte acu ag am an iarratais a dhéanamh ach a chomhlíonann, seachas maidir lena (h)aois, na coinníollacha clárúcháin a leagtar amach i mír 2 den bhileog seo.

Cuirfear na daoine sin san áireamh ar an gclár nuair a shroicheann siad 18 mbliana d'aois. I gcás ina bhfógraítear toghchán, cuirfear daoine atá ar liosta na dtoghthóirí

atá ar feitheamh san áireamh i gclár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm don toghchán sin fiú má shroicheann siad 18 mbliana d'aois ar lá na vótaíochta.

Ní cuid den chlár é an liosta vótálaithe speisialta, agus ní féidir iniúchadh a dhéanamh air.

# 7. Infhaighteacht agus úsáid Chlár na dToghthóirí

Tá ainm, seoladh agus teideal vótála na dtoghthóirí ar chlár na dtoghthóirí. Tugann sé faoi deara freisin i gcás ina bhfuil socrú vótála poist nó speisialta ag duine.

Ní féidir an t-eolas atá i gclár na dtoghthóirí a úsáid ach amháin chun críocha toghcháin nó chun críocha reachtúla eile, agus beidh aon duine a bhainfidh mí-úsáid as an gclár, nó a chuirfidh faoi deara nó a cheadóidh mí-úsáid a bhaint as, ciontach i gcion.

## 7.1 Iniúchadh a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí

Is féidir le haon duine an clár a iniúchadh, chun críocha bainteach le clárúchán na dtoghthóirí, i rith uaireanta oifige ag oifigí an údaráis áitiúil nó ag áit eile is cuí leis an údarás áitiúil - féadfaidh leabharlann nó oifigí poist a bheith san áireamh.

Ba cheart aon earráidí nó easnaimh sa chlár a chur in iúl láithreach don údarás clárúcháin ábhartha.

Más rud é:

- tar éis clár na dtoghthóirí a iniúchadh, agus go bhfuil ar fhorais réasúnacha ann, nó
- trí eolas pearsanta (mar shampla bás duine den teaghlach)

má thagann duine ar an tuairim go bhfuil faisnéis sa chlár míchruinn i ndáil le hiontráil nach é a n-iontráil féin é, féadfaidh an duine iarraidh tríú páirtí a chur faoi bhráid an údaráis chlárúcháin go ndéanfaí leasú. Is féidir an fhoirm ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin gach iarratas maidir leis an gclár a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh, más ann, a dhéanfar. Tá dualgas ar an údarás clárúcháin an t-iarratasóir agus aon duine, i dtuairim an

údaráis clárúcháin, a mbeidh tionchar ag an gcinneadh maidir leis an bpróiseas orthu a chur ar an eolas. Beidh sé de cheart ag an duine lena mbaineann an cinneadh achomharc a dhéanamh chuig an gcláraitheoir contae. Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin liosta de na héilimh a fuarthas sa mhí roimhe sin a ullmhú.

### 7.2 Cóipeanna de Chlár na dToghthóirí

Cuirtear cóipeanna den chlár ar fáil saor in aisce d'ionadaithe poiblí tofa agus d'iarrthóirí an toghcháin ar féidir leo é a úsáid chun críocha toghchánacha.

Is féidir cóip den chlár, nó sleachta as, a cheannach ó údarás áitiúil tar éis táille a íoc nach sáróidh costas réasúnta cóip den sórt sin a sholáthar.

## 8. Toghthóirí gan ainm

Le hAthchóiriú Toghcháin 2022 leasaíodh na hAchtanna Toghcháin chun foráil a dhéanamh, i gcás ina bhfuil imní ar dhuine go mbeadh a sábháilteacht, nó sábháilteacht duine dá dteaghlach, i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainm agus a seoladh, gur féidir leo iarratas a dhéanamh ar bheith ina toghthóir gan ainm agus vótáil tríd an bpost. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.checktheregister.ie agus ón údarás áitiúil agus tá roinnt cáipéisí tacaíochta nó deimhniúcháin ag teastáil. Beidh an fhaisnéis ar fáil fós d’fhoireann an údaráis chlárúcháin agus dóibh siúd a riarann vótaí poist ach ní bheidh sí ar an gclár atá ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.

Is féidir tacú le hiarratas ar chlárú anaithnid trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Doiciméadú mar seo a leanas:
    - Cóip d’ordú sábháilteachta, ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach, ordú urchoisc éigeandála nó ordú cosanta arna eisiúint faoin Acht um Fhoréigean Baile 2018;
    - cóip d'ordú srianta faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997; nó
    - ordú ciaptha arna dheonú faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017.

Nó

- Dearbhú ó dhuine cáilithe —
    - comhalta den Gharda Síochána (le grád ceannfoirt nó níos airde); nó
    - liachleachtóir cláraithe mar shampla liachleachtóir ginearálta (DG).

Luafar sa dearbhú go bhfuil siad den tuairim go mbeadh do shábháilteacht nó sábháilteacht duine de do theaghlach i mbaol dá mbeadh d'ainm agus do sheoladh sa chlár toghthóirí a foilsíodh nó a cuireadh ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal.

## 9. Dlí Clárúcháin

Ní ceart a mheas gur ráiteas críochnaitheach ar an dlí ar chlár na dtoghthóirí é an t-eolas sa bhileog seo. Gabhann an dlí a rialaíonn clár na dtoghthóirí leis na forálacha dlíthiúla seo a leanas, arna leasú:

- Cuid II den Acht Toghcháin, 1992, agus an Dara Sceideal a ghabhann leis;
- Cuid VII agus alt 76 den Acht Toghcháin, 1997;
- Cuid III den Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

Tá na hAchtanna sin ar fáil ó Fhoilseacháin an Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Trim, Co. na Mí. Is féidir iad a íoslódáil freisin ó shuíomh gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie

## 10. Bileoga Eile

Seo a leanas bileoga eile atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing):

- An chaoi a dtoghtar an tUachtarán
- An Reifreann in Éirinn
- Conas mar a Thoghtar an Dáil (Teach Íochtarach na Parlaiminte)
- Conas mar a Thoghtar an Seanad (Teach Uachtarach na Parlaiminte)
- Parlaimint na hEorpa: An chaoi a dToghtar Feisirí na hÉireann
- An chaoi a dToghtar Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla
- Eolas do Vótálaithe faoi Míchumas

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland